# SÉIRBHÍS CRAOLACHÁIN FUAIME RAIDIÓ LE HAGHAIDH IARDHEISCEART CHLÁIR

BAI ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

De réir alt 65(8) den Acht Craolacháin 2009 (“an tAcht”), cuireann an Coiste um Dheonú Conarthaí de Údarás Craolacháin na hÉireann (“an BAI”) fáilte roimh iarratais i scríbhinn ó aon duine nó aon chomhlacht a bhfuil spéis acu conradh craolacháin fuaime pobail a fháil chun seirbhís craolacháin fuaime a sholáthar an an mbanda FM sa phobal seo a leanas:

## Iardheisceart Chláir

Ba cheart cláreagrú na seirbhíse a bheith dírithe ar an bpobal agus ba chóir go dtabharfaí aghaidh ann ar leasanna mhuintir cheantar Iardheisceart an Chláir, agus ba cheart go gcuirfeadh sé sochar sóisialta ar fáil dóibh. Ba cheart gur seirbhís neamh-bhrabúis-úasmhéadaithe a bheadh inti agus ba cheart go bhfórálfaí inti go mbeadh rochtain uirthi ag daoine aonair agus ag grúpaí atá ina gcónaí sa limistéar saincheadúnais uirthi. Ba cheart freisin go gcuirfeadh an tseirbhís le héagsúlacht na gclár a bheidh ar fáil sa limistéar saincheadúnais agus go dtacódh sí leis an rochtain sin.

Tarraingítear aird ar na critéir ábhartha atá leagtha síos in alt 64 agus alt 66 d’Acht 2009 agus ar na dualgais a fhorchuirfear ar iarratasóirí rathúla faoi fhorálacha éagsúla Acht 2009.

---

Ní mór iarratais a chomhlánú de réir na formáide mionsonraithe atá forordaithe i *dTreoir BAI maidir le hAighneachtaí le haghaidh Seirbhís Craolacháin Fuaime Pobail a Sholáthar le haghaidh Iardheisceart Chláir, Bealtaine 2017 (“an Treoir”)*. Tá an Treoir, ina bhfuil faisnéis ábhartha eile freisin maidir leis an nós imeachta iarratais, ar fáil ar shuíomh gréasáin BAI (www.bai.ie) nó iad a iarraidh ó oifigí an Údaráis (ríomhphost: licensing@bai.ie nó trí ghlaoch a chur ar 01 644 1200).

Is é **12 meán lae ar Céadaoin, 2 Lúnasa 2017** an spriocdháta chun iarratais a fháil.

Ba cheart d’iarratasóirí a thabhairt faoi deara go gcoiméadann BAI an ceart gan conradh a dheonú.

Ba cheart iarratais chomhlánaithe a sheoladh chuig:

**Jill Caulfield, Deonú Conarthaí, Údarás Craolacháin na hÉireann,**
**2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath, D02 XP29.**
**R: licensing@bai.ie T: 01 644 1200**

*Cuireann an t-Údarás fáilte roimh comhfhreagras i nGaeilge.*

---

# COMMUNITY RADIO SOUND BROADCASTING SERVICE FOR SOUTH WEST CLARE

BAI ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

In accordance with section 65(8) of the Broadcasting Act 2009 (“the 2009 Act”), the Contract Awards Committee of the Broadcasting Authority of Ireland (“the BAI”) hereby invites applications in writing from any person or body interested in securing a community sound broadcasting contract for the provision of a community sound broadcasting service on the FM band in the following community:

## South West Clare

Programming on the service should be community focussed and address the interests of, and seek to provide a social benefit to, people in South West Clare. The service should be non-profit-maximising and should provide for, and support, access by individuals and groups living in the franchise area. The service should also add to the diversity of programming available in the franchise area.

Attention is drawn to the relevant criteria laid down in section 64 and section 66 of the 2009 Act and to the duties that will be imposed on successful applicants under the various provisions of the 2009 Act.

---

Applications must be completed in accordance with the detailed format prescribed in the BAI’s *Guide to Submissions for the Provision of a Community Sound Broadcasting Service for South West Clare, May 2017 (“the Guide”)*. The Guide, which also contains other relevant information in respect of the application procedure, is available on the BAI’s website (www.bai.ie) or on request from the Authority’s offices (email: licensing@bai.ie or call 01 644 1200).

The closing date for receipt of applications is **12 noon on Wednesday, 2nd August 2017.**

Applicants should note that the BAI reserves the right not to award a contract.

Completed applications should be sent to:

**Jill Caulfield, Contract Awards, Broadcasting Authority of Ireland,**
**2-5 Warrington Place, Dublin D02 XP29.**
**E: licensing@bai.ie T: 01 644 1200**

*Cuireann an t-Údarás fáilte roimh comhfhreagras i nGaeilge.*